Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

RÚIN

PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0308

Cistiúchán príobháideach freagrach na dlíthíochta

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 le moltaí don Choimisiún maidir le cistiúchán príobháideach freagrach na dlíthíochta (2020/2130(INL))

(2023/C 125/01)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 5 de Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Meán Fómhair 2005 lena nglactar Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa ([1]),

— ag féachaint do Threoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE ([2]),

— ag féachaint do Mholadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2013 maidir le prionsabail choiteanna le haghaidh sásraí comhshásaimh urghaire agus cúiteacha sna Ballstáit a bhaineann le sáruithe ar chearta arna ndeonú faoi dhlí an Aontais,

— ag féachaint don staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí an Mhárta 2021 dar teideal *Responsible private funding of litigation* [Cistiúchán príobháideach freagrach na dlíthíochta],

— ag féachaint do Rialacha 47 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0218/2022),

A. de bhrí go bhfuil príomhfhreagracht ar na Ballstáit cúnamh dlíthiúil leordhóthanach a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu d'fhonn rochtain ar an gceartas a áirithiú do chách, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; de bhrí gurb iad cúnamh dlíthiúil poiblí agus ionchúiseamh poiblí na sásraí lárnacha chun an ceart bunúsach chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a ráthú, agus nach mór dóibh fanacht mar sin i gcónaí;

([1]) IO L 262, 7.10.2005, lch. 1.
([2]) IO L 409, 4.12.2020, lch. 1.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

B. de bhrí gur cleachtas atá ag dul i méid é cistiú dlíthíochta tráchtála tríú páirtí (TPLF) trína ndéanann infheisteoirí príobháideacha ("cisteoirí dlíthíochta"), nach páirtí i ndíospóid iad, infheistíocht chun brabús a dhéanamh in imeachtaí dlíthiúla agus costais dhlíthiúla agus costais eile a íoc, mar mhalairt ar sciar d'aon dámhachtain a dhéanfar sa deireadh; de bhrí nach bhfuil i gcomhshásamh ach cineál amháin dlíthíochta ina n-úsáidtear TPLF faoi láthair, agus gur samplaí eile iad eadránú, imeachtaí dócmhainneachta, aisghabháil infheistíochta, éilimh in aghaidh trustaí agus eile;

C. de bhrí go bhféadfaí TPLF a úsáid níos minice, dá ndéanfaí é a rialáil i gceart, mar uirlis chun tacú le rochtain ar cheartas, go háirithe i dtíortha ina bhfuil costais dhlíthiúla an-ard nó do mhná agus do ghrúpaí imeallaithe a bhfuil bacainní cistiúcháin breise acu; de bhrí go bhféadfadh TPLF cuidiú níos mó freisin chun a áirithiú go dtabharfar cásanna a bhaineann le leas an phobail chun na cúirte agus chun míchothromaíochtaí eacnamaíocha suntasacha atá ann idir corparáidí agus na saoránaigh sin a bhfuil sásamh á lorg acu a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuntasacht chorparáideach iomchuí a áirithiú;

D. de bhrí go léiríonn tuarascáil ó *British Institute of International and Comparative Law* [Institiúid Dlí Idirnáisiúnta agus Comparáidigh na Breataine] (BIICL) maidir le "*State of Collective Redress in the EU in the context of the Commission Recommendation*" [Staid an tSásaimh Chomhchoitinn in AE i gcomhthéacs an Mholta ón gCoimisiún] go bhfuil cistiú tríú páirtí tagtha chun bheith ina thoisc bhunriachtanach i roinnt Ballstát chun comhshásamh a bhaint amach ([3]); de bhrí go léirítear i dTuarascáil COM(2018)0040 ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme mholtaí neamhcheangailteacha 2013 maidir le comhshásamh gur príomhghné den chomhshásamh é TPLF, a bhfuil gné thábhachtach trasteorann ag baint leis ([4]);

E. de bhrí go bhféadfadh cisteoirí dlíthíochta atá rannpháirteach in imeachtaí dlíthiúla gníomhú chun a leasa eacnamaíoch féin, seachas chun leasa éilitheoirí; de bhrí go bhféadfadh siad iarracht a dhéanamh an dlíthíocht a rialú agus toradh a éileamh a íocfaidh an toradh is mó leo agus sa mhéid ama is giorra ([5]); de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go n-íocfar damáistí leordhóthanacha le híospartaigh;

F. de bhrí, cé nach bhfuil a leithéid de rud agus TPLF san Eoraip, gur feiniméan é a bhfuil borradh faoi in eadráin infheistíochta a mhéadaíonn líon agus méid na n-éileamh ó infheisteoirí príobháideacha i gcoinne na Stát;

G. de bhrí, de réir na sonraí atá ar fáil, go bhféadfaidh cisteoirí dlíthíochta, i mBallstáit áirithe, sciar díréireach de na fáltais a éileamh a sháraíonn torthaí tipiciúla cineálacha eile infheistíochtaí; de bhrí gur gnách go mbíonn na méideanna a éilíonn cisteoirí dlíthíochta idir 20 % agus 50 % den dámhachtain ar fud an Aontais ([6]), ach gur féidir le héilimh den sórt sin lasmuigh den Aontas a bheith ina bhfáltais ar infheistíocht suas le 300 % i gcásanna áirithe; de bhrí gur cheart rialacha a thabhairt isteach chun a áirithiú go bhfuil na táillí a íoctar le cisteoirí dlíthíochta comhréireach agus go ndeonaítear an dámhachtain ar dtús do na héilitheoirí, sula n-íocfar an táille leis an gcisteoir dlíthíochta;

H. de bhrí nach é TPLF an t-aon bhealach amháin chun rochtain ar cheartas a éascú, agus go bhfuil ionstraimí eile, amhail cúnamh dlíthiúil nó árachas costas dlíthiúil, ar fáil chun an rochtain sin a éascú, agus go bhfuil leigheasanna seachbhreithiúnacha ann freisin chun sásamh a lorg, amhail idirghabháil, ADR/ODR, an tOmbudsman nó trí chórais casaoide arna mbainistiú ag cuideachtaí; de bhrí go bhféadfadh cúiteamh níos tapúla agus níos leordhóthanaí d'éilitheoirí a bheith mar thoradh ar na réitigh sin cé nach gá go mbeadh na leigheasanna sin éifeachtach go leor i gcónaí maidir le sásamh leordhóthanach a sholáthar; de bhrí gur cheart an deis a thabhairt i gcónaí d'éilitheoirí leigheas breithiúnach a lorg go díreach;

([3]) https://www.biicl.org/documents/1881_StudyontheStateofCollectiveRedress.pdf, lch. 19.

([4]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52018DC0040&from=EN, lch. 10.

([5]) Tháinig Parlaimint na hAstráile ar an gconclúid "mar thoradh ar leibhéal na cumhachta agus an tionchair atá ag cisteoirí dlíthíochta i gcaingne aicmeacha, bíonn cásanna ann ina dtéann a leasanna airgeadais i gcion ar leasanna an ghearánaí ionadaíoch agus na gcomhaltaí aicmeacha", féach Coimisiún Athchóirithe Dlí na hAstráile (2019): An Inquiry into Class Action Proceedings and Third-Party Litigation funders [Fiosrúchán ar Imeachtaí Caingne Aicmeacha agus ar Chisteoirí Dlíthíochta Tríú Páirtí], lch. 19.

([6]) Staidéar EPRS (2021): Cistiúchán príobháideach freagrach na dlíthíochta. Iarscríbhinn — Staid na himeartha maidir le tírdhreach cistiúcháin príobháideach dlíthíochta an Aontais agus rialacha reatha an Aontais is infheidhme maidir le cistiúchán príobháideach dlíthíochta.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

I. de bhrí go bhfuil TPLF forleathan san Astráil, i SAM, i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír, agus go measann roinnt daoine gur phríomhghné é chun a áirithiú go bhfuil rochtain ar cheartas ar fáil ([7]), mar sin féin, tá imní ann freisin maidir le cleachtais drochúsáide i roinnt dlínsí; de bhrí go léiríonn sonraí eimpíreacha ([8]) gur minic a roghnaíonn cisteoirí dlíthíochta cásanna arb ionann iad agus na torthaí féideartha is fearr, agus nach ndéanfadh siad infheistíocht i gcásanna a mheasann siad a bheith ró-riosca nó gan a bheith brabúsach go leor;

J. de bhrí gur deacair líon na gcisteoirí dlíthíochta a chinneadh, agus gurb eol go n-oibríonn ar a laghad 45 cisteoir den sórt sin san Aontas; de bhrí, cé go bhfuil cleachtas TPLF teoranta go dtí seo i bhformhór na mBallstát, go meastar go mbeidh ról méadaitheach aige sna blianta amach romhainn, ach go bhfuil sé fós neamhrialáilte den chuid is mó san Aontas, in ainneoin go bhféadfadh sé, ní hamháin go mbainfeadh tairbhí leis, ach go bhféadfadh rioscaí ábhartha do riar an cheartais nach mór aghaidh a thabhairt orthu a bheith ag baint leis freisin;

K. de bhrí, san fholús rialála atá ann faoi láthair, go bhfuil baol ann go n-oibreoidh cisteoirí dlíthíochta ar bhealach neamh-thrédhearcach, agus go bhféadfadh cúirteanna, uaireanta, dámhachtainí a dhéanamh d'éilitheoirí gan a thuiscint go ndéanfar sciar den dámhachtain, a d'fhéadfadh a bheith díréireach uaireanta, a atreorú ina dhiaidh sin chuig cisteoirí dlíthíochta ar chostas éilitheoirí; de bhrí go bhféadfadh easpa trédhearcachta den sórt sin a bheith i gceist freisin agus gur beag eolas, nó nach bhfuil aon eolas ar bith, ag na tairbhithe ionchasacha faoi dháileadh na ndámhachtainí nó na gcomhaontuithe cistiúcháin, go háirithe i gcás ina bhfuil feidhm ag sásra um rogha gan a bheith páirteach laistigh de chórais chomhshásaimh; de bhrí, in éagmais íoschaighdeáin choiteanna ar leibhéal an Aontais, go bhfuil baol ilroinnte agus míchothromaíochtaí rialála ann i réimse an chistiúcháin dlíthíochta;

L. de bhrí go sainaithnítear le Treoir (AE) 2020/1828 deiseanna agus coimircí a bhaineann le cistiú dlíthíochta, atá teoranta, áfach, do chaingne ionadaíocha thar ceann tomhaltóirí faoi shainchúram na Treorach sin, agus, dá bhrí sin, nach rialáiltear cineálacha eile caingne, amhail iad siúd a bhaineann le gnó nó cearta an duine, nó catagóirí éilitheoirí, amhail eagraíochtaí um chearta an duine nó oibrithe; de bhrí gur cheart feidhm a bheith ag bearta agus coimircí éifeachtacha maidir le gach cineál éilimh;

Réamhrá

1. ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil teorainn fós le húsáid a bhaint as cistiú dlíthíochta tríú páirtí, gur cleachtas é atá ag dul i méid san Aontas, a bhfuil ról méadaitheach aige i gcórais cheartais roinnt Ballstát, agus ar an gcaoi ar féidir le saoránaigh na hEorpa rochtain a fháil ar an gceartas, go háirithe maidir le cásanna trasteorann. á thabhairt dá haire go bhfuil cistiú dlíthíochta neamhrialáilte den chuid is mó ar leibhéal an Aontais go dtí seo;

2. ag tabhairt dá haire gur cheart rialáil TPLF a bheith fite fuaite le beartais lena bhfeabhsaítear rochtain ar cheartas d'éilitheoirí, amhail trí chostais dhlíthiúla a laghdú, trí chistiú poiblí leordhóthanach a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí cosanta tomhaltóirí, nó trí chleachtais eile a chur chun cinn amhail cúnamh dlíthiúil nó sluachistiú; ag iarraidh ar na Ballstáit dea-chleachtas a mhalartú maidir leis an ábhar sin agus leas a bhaint as na bearta dá dtagraítear in Airteagal 20 de Threoir (AE) 2020/1828 a mhéid a bhaineann le rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú;

3. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de, chun rochtain ar cheartas a áirithiú do chách agus go dtugtar tús áite do shásamh do pháirtithe díobhálaithe sna córais cheartais, seachas leasanna infheisteoirí príobháideacha nach bhféadfadh ach deiseanna tráchtála a lorg ó dhíospóidí dlíthiúla, gur gá íoschaighdeáin chomhchoiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena dtugtar aghaidh ar na príomhghnéithe a bhaineann le TPLF, lena n-áirítear trédhearcacht, cothroime agus comhréireacht;

([7]) Féach https://www.biicl.org/documents/1881_StudyontheStateofCollectiveRedress.pdf, lch. 269: "Bhí an dearcadh ginearálta ar chur chuige na Ríochta Aontaithe maidir le cistiú tríú páirtí fabhrach agus mheas freagróirí go raibh fáil ar mhaoiniú den sórt sin mar phríomhghné ina gcinneadh páirt a ghlacadh in imeachtaí comhchoiteanna. Ar an iomlán, taithí dhearfach a bhí ann ar mhaoiniú tríú páirtí d"éilimh chomhchoiteanna. Ní raibh aon taithí ag aon duine de na freagróirí ar eagraíocht a bhí ag iarraidh éileamh a mhaoiniú i gcoinne iomaitheoir. Ní raibh aon taithí ag aon duine de na freagróirí go ndearna cisteoir iarracht fhollasach an dlíthíocht a rialú, cé go ndearna dlíodóir amháin cur síos ar chás ina ndearna cisteoir cuid den chistiú a tharraingt siar cuid den bhealach tríd an éileamh rud a d'fhág gur socraíodh an cás roimh an am'.

([8]) Féach Coimisiún Athchóirithe Dlí na hAstráile (2019): An Inquiry into Class Action Proceedings and Third-Party Litigation funders [Fiosrúchán ar Imeachtaí Caingne Aicmeacha agus ar Chisteoirí Dlíthíochta Tríú Páirtí], lch. 34.

4. á chur i bhfáth gurb é an aidhm a bheadh le córas rialála den sórt sin gníomhaíochtaí cistiúcháin dlíthíochta ag cisteoirí dlíthíochta a rialáil. á chur i bhfios gur cheart do chóras den sórt sin gníomhaíochtaí cistiúcháin a rialáil i ndáil le gach cineál éilimh, gan beann ar chineál na n-éileamh, agus gur cheart é a bheith gan dochar do dhlí idirnáisiúnta, do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta atá ann cheana lena gceadaítear éilimh a thabhairt, go háirithe an dlí maidir le comhleasanna tomhaltóirí a chosaint, maidir le cosaint an chomhshaoil, agus an dlí lena rialaítear imeachtaí dócmhainneachta nó dliteanas;

5. á chreidiúint, trí íoschaighdeáin choiteanna an Aontais maidir le TPLF a bhunú, go mbeidh reachtóirí in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus a áirithiú go ndéanfar leasanna na n-éilitheoirí a chosaint. á chur i bhfios gur féidir ról dearfach a bheith ag sásraí rialála deonacha agus ag cóid iompair dheonacha, ach nár ghlac tromlach mór na gcisteoirí síntiús leo go dtí seo, rud a fhágann go bhfuil éilitheoirí neamhchosanta go mór;

Rialáil agus maoirseacht ar chisteoirí dlíthíochta

6. á mholadh go mbunófaí córas údaraithe do chisteoirí dlíthíochta, lena n-áiritheofar, ar an gcaoi sin, go gcuirfear deiseanna éifeachtacha ar fáil d'éilitheoirí chun úsáid a bhaint as TPLF agus go gcuirfear coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm, lena n-áirítear trí cheanglais rialachais chorparáidigh agus cumhachtaí maoirseachta a thabhairt isteach chun éilitheoirí a chosaint agus chun a áirithiú nach gcuirfidh ach eintitis atá tiomanta d'íoschaighdeáin a chomhlíonadh maidir le trédhearcacht, neamhspleáchas, rialachas agus leordhóthanacht chaipitil cistiú ar fáil, agus caidreamh muiníneach a urramú *vis-à-vis* éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú nach gcruthóidh an córas sin ualach riaracháin iomarcach do na Ballstáit ná do chisteoirí dlíthíochta;

Saincheisteanna eiticiúla

7. á mholadh go gcuirfí d'oibleagáid ar chisteoirí dlíthíochta dualgas muiníneach cúraim a urramú, lena gceanglaítear orthu gníomhú chun leasa éilitheora. á chreidiúint nach féidir le cisteoirí dlíthíochta smacht míchuí a bheith acu ar na himeachtaí dlíthiúla a mhaoiníonn siad; ní mór don éilitheoir agus dá n-ionadaithe dlíthiúla a bheith freagrach as an rialú sin ar na himeachtaí dlíthiúla; d'fhéadfadh rialú foirmiúil a bheith i gceist le rialú den sórt sin ar imeachtaí dlíthiúla cistithe, amhail trí shocruithe conarthacha, agus rialú neamhfhoirmiúil, amhail trí bhagairtí an cistiú a tharraingt siar;

8. á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn i gcás ina bhfuil caidreamh míchuí idir cisteoirí dlíthíochta, eintitis ionadaíocha, gnólachtaí dlí, comhbhailitheoirí, lena n-áirítear ardáin bailithe éileamh agus ardáin dáilte dámhachtana, agus eintitis eile a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach in éilimh agus a bhfuil leas acu i dtoradh cáis cúirte; ag tabhairt dá haire go bhfuil treocht mhéadaitheach ann maidir le cisteoirí dlíthíochta a aontaíonn gnólachtaí dlí a mhaoiniú i sraith cásanna a bheidh ann amach anseo (maoiniú punainne) ([9]); á mholadh go nglacfaí coimircí chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, chun cearta éilitheoirí a leagan síos agus chun a cheangal go nochtfar mionsonraí maidir leis an gcaidreamh idir cisteoirí dlíthíochta agus na páirtithe eile lena mbaineann;

9. á chreidiúint, ach amháin in imthosca eisceachtúla a rialáiltear go docht, nár cheart a cheadú do chisteoirí dlíthíochta páirtithe cistithe a thréigean sa dlíthíocht ag céim ar bith sa phróiseas dlíthíochta, rud a fhágann nach bhfuil ach éilitheoirí freagrach as costais uile na dlíthíochta, nach ndéanfaí a shaothrú, b'fhéidir, ach amháin mar gheall ar rannpháirtíocht an chisteora; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur cheart socruithe conarthacha ar bhonn cistiú coinníollach a mheas a bheith ar neamhní;

10. á chreidiúint, díreach cosúil le éilitheoirí, gur cheart cisteoirí dlíthíochta a bheith freagrach as costais na gcosantóirí a eascraíonn as dlíthíocht nár éirigh leis, amhail mar gheall ar dhámhachtain costas díobhálach; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh rialáil cosc ar chisteoirí dlíthíochta a ndliteanas a theorannú do chostais i gcás toradh nár éirigh leo;

Dreasachtaí agus teorainneacha maidir le téarnamh

11. á mheas gur cheart, leis an reachtaíocht, teorainneacha a fhorchur ar chion na dámhachtana a bhfuil cisteoirí dlíthíochta i dteideal a fháil i gcás dlíthíocht nó socraíocht rathúil agus ar bhonn socrú conarthach; á chreidiúint nár cheart go n-imeodh socruithe idir cisteoirí dlíthíochta agus éilitheoirí ón riail ghinearálta ach amháin in imthosca eisceachtúla go n-íocfar 60 % ar a laghad den ollsocraíocht nó de na damáistí leis na héilitheoirí;

([9]) Staidéar EPRS (2021): Cistiúchán dlíthíochta freagrach. Staid na himeartha maidir le creat cistiúcháin príobháideach dlíthíochta AE agus rialacha reatha AE is infheidhme maidir le cistiúchán príobháideach dlíthíochta, lch. 28-29.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Nochtadh agus trédhearcacht

12. á mheas gur cheart go mbeadh trédhearcacht ann maidir le rannpháirtíocht chistiúchán dlíthíochta in imeachtaí dlíthiúla, lena n-áirítear oibleagáidí ar éilitheoirí agus ar a ndlíodóirí comhaontuithe cistiúcháin a nochtadh do na cúirteanna ar thionscnamh na cúirte nó tar éis iarraidh arna déanamh chuig an gcúirt ag an gcosantóir, agus an chúirt a chur ar an eolas faoi chistiú tráchtála a bheith ann agus faoi chéannacht an chisteora don chás atá faoi chaibidil; á mheas gur cheart don chúirt an cosantóir a chur ar an eolas faoi TPLF a bheith ann agus faoi chéannacht an chisteora. ag tabhairt dá haire, i láthair na huaire, gur minic nach bhfuil cúirteanna nó údaráis riaracháin agus cosantóirí ar an eolas go bhfuil éileamh á chistiú ag gníomhaí tráchtála;

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta agus athbhreithniú na gcúirteanna agus na n-údarás riaracháin

13. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh na cumhachtaí ag údaráis mhaoirseachta, cúirteanna agus údaráis riaracháin, i gcás inarb iomchuí i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta, chun forfheidhmiú na reachtaíochta a glacadh a éascú chun na spriocanna a leagtar amach thuas a bhaint amach; á mholadh go mbunófaí córas gearán nach n-eascróidh costais iomarcacha nó ualach riaracháin iomarcach as do na Ballstáit; á mheas gur cheart go mbeadh na cumhachtaí ag údaráis mhaoirseachta, cúirteanna agus údaráis riaracháin, i gcás inarb iomchuí i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais mhí-úsáideacha ag cisteoirí dlíthíochta údaraithe, agus gan bac a chur ar rochtain ar cheartas d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe ag an am céanna;

Gnéithe críochnaitheacha

14. ag iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán agus dlúthanailís a dhéanamh ar fhorbairt cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí sna Ballstáit, ó thaobh an chreata dhlíthiúil agus an chleachtais de araon, agus aird ar leith á tabhairt ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2020/1828; ag iarraidh freisin ar an gCoimisiún, tar éis dhul in éag an spriocdháta maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/1828, eadhon an 25 Meitheamh 2023, agus éifeachtaí na Treorach sin á gcur san áireamh, togra le haghaidh Treoir a thíolacadh, ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le cistiú dlíthíochta tráchtála tríú páirtí, i gcomhréir leis na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

15. á mheas nach mbeidh impleachtaí airgeadais ag gabháil leis an togra atá iarrtha;

o

o o

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN:

MOLTAÍ I dTAOBH INNEACHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

ar chistiúchán dlíthíochta tríú páirtí a rialú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gCoimisiún Eorpach ([1]),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is cleachtas é cistiú dlíthíochta tráchtála tríú páirtí atá ag forbairt ina mhargadh seirbhísí dlíthíochta gan creat reachtach sonrach a bheith i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais. In ainneoin go bhfuil cisteoirí dlíthíochta bunaithe go rialta agus ag feidhmiú i mBallstáit éagsúla, ar bhonn intíre nó thar theorainneacha, bhí siad faoi réir rialacha agus cleachtais náisiúnta éagsúla sa mhargadh inmheánach go dtí seo, i gcás ina bhfuil rialacha ilroinnte go ginearálta agus fiú folús reachtach ann, ag brath ar an mBallstát lena mbaineann, sa réimse sin. Is dócha go mbeadh rialacha agus cleachtais dhibhéirseacha sna Ballstáit ina mbac ar fheidhmiú an margaidh inmheánaigh. Níl easpa soiléireachta maidir leis na téarmaí ar a bhféadfaidh cisteoirí dlíthíochta tráchtála tríú páirtí feidhmiú ("cisteoirí dlíthíochta") comhoiriúnach le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus é á chur san áireamh go háirithe go bhféadfadh sé a bheith indéanta cásanna trasteorann a chistiú trí thríú páirtí amháin, agus go bhfuil na cásanna sin tarraingteach go háirithe do chisteoirí dlíthíochta. Baineann riosca idirdhealaithe maidir le rochtain ar cheartas idir éilitheoirí i mBallstáit éagsúla le díbhéirseacht sa chreat dlíthiúil is infheidhme i ngach Ballstát, go háirithe i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, chomh maith leis an riosca go ndéanfaidh cisteoirí dlíthíochta siopadóireacht fóram, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fhabhair rialacha náisiúnta áirithe maidir lena mbunú, an dlí is infheidhme maidir le comhaontuithe cistiúcháin agus rialacha náisiúnta nós imeachta.

(2) Féachann dlí an Aontais le cothromaíocht a áirithiú idir rochtain ar cheartas a dheonú agus coimircí iomchuí a sholáthar dóibh siúd atá i mbun imeachtaí, chun cosc a chur ar a gceart chun rochtain a fháil ar cheartas a shaothrú go míchóir. Nuair a chuireann cisteoirí dlíthíochta maoiniú ar fáil d'imeachtaí dlíthiúla mar mhalairt ar sciar d'aon chúiteamh a bhronntar, d'fhéadfadh baol éageartais a bheith ann. Áirítear leis an riosca sin cisteoirí dlíthíochta a bheith in ann leas a bhaint as éilitheoirí, nó iad siúd a ndéanann siad ionadaíocht orthu, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tomhaltóirí a ndéanann eintitis cháilithe ionadaíocht ar a leasanna, chun a gcríoch féin a chomhlíonadh agus chun dtoradh féin a uasmhéadú, rud a fhágann go bhfuil sciar laghdaithe den dámhachtain fhéideartha ag éilitheoirí nó tairbhithe beartaithe. Is féidir leis na rioscaí a bheith an-ghéar nuair is tomhaltóirí nó íospartaigh sáruithe ar chearta bunúsacha iad na daoine sin a bhfuil súil acu tairbhe a bhaint as dlíthíocht, a d'fhéadfadh fáilte a chur roimh rannpháirtíocht cisteora dlíthíochta atá réidh chun íoc as imeachtaí, gan a chur in iúl go bhféadfaí a leasanna a threascairt i bhfabhar leasanna an chisteora dlíthíochta féin.

([1]) IO […]
([2]) IO […]

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(3) Dá mbunófaí creat coiteann de chuid an Aontais d'íoschaighdeáin maidir le cistiú freagrach dlíthíochta tráchtála tríú páirtí, chuideofaí le rochtain ar cheartas a chur chun cinn agus cuntasacht chorparáideach iomchuí a áirithiú. Go deimhin, is minic gurb ann d'éagothroime eacnamaíoch shuntasach idir cuideachtaí agus saoránaigh atá ag lorg sásaimh, agus is féidir le cistiú dlíthíochta tríú páirtí an éagothroime sin a laghdú má mhaolaítear na rioscaí gaolmhara, agus má oibríonn an cistiú sin i gcomhlántacht le bearta eile lena mbaintear bacainní ar rochtain ar cheartas. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach cothromaíocht riachtanach a áirithiú idir feabhas a chur ar rochtain na n-éilitheoirí ar an gceartas agus coimircí iomchuí chun dlíthíocht mhí-úsáideach a sheachaint. Is féidir le cistiú dlíthíochta tríú páirtí freagrach costais a laghdú, iad a dhéanamh níos intuartha, nósanna imeachta neamhriachtanacha a shimpliú agus seirbhísí éifeachtúla a sholáthar ar chostais atá i gcomhréir leis na méideanna atá faoi dhíospóid.

(4) Ós rud é go n-éascaíonn an margadh inmheánach trádáil trasteorann a mhéadú, ós rud é go bhfuil díospóidí ag éirí níos trasteorann de réir a chéile, agus ós rud é gur de chineál domhanda iad gníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta, d'fhéadfadh baol a bheith ann go mbeidh éagsúlachtaí ábhartha i gcur chuige na mBallstát ó thaobh na coimircí agus na cosaintí is gá maidir le cistiú dlíthíochta tráchtála tríú páirtí. D'éirigh go maith le cuir chuige dheonacha go pointe áirithe ach níor ghlac tromlach na ngníomhaithe tionscail leo i gcónaí, agus, i gcás ar bith, ní bheadh bearta neamhreachtacha iomchuí i bhfianaise rioscaí ábhartha den sórt sin, mar shampla do chatagóirí leochaileacha saoránach, lena n-áirítear ó thríú tíortha.

(5) Is é is aidhm don Treoir seo cistiú dlíthíochta tráchtála tríú páirtí a rialáil, cleachtas trína ndéanann eintitis tríú páirtí, nach bhfuil baint dhíreach acu le díospóid, infheistíocht ar mhaithe le brabús in imeachtaí dlíthiúla, de ghnáth mar mhalairt ar chéatadán d'aon socrú nó dámhachtain (dá ngairtear "cistiú dlíthíochta tríú páirtí" anseo feasta). Cumhdaíonn cistiú dlíthíochta tríú páirtí cásanna ina ndéanann gníomhaí tráchtála infheistíocht ar mhaithe le brabús agus ina ngníomhaíonn sé chun a leasanna gnó a chur chun cinn; dá bhrí sin, ní áirítear leis soláthar cistí chun urraíocht a dhéanamh ar dhlíthíocht ar bhonn carthanúil nó ar bhonn tabhartas, i gcás nach bhfuil mar aidhm ag an gcisteoir ach na costais a tabhaíodh a aisghabháil, nó gníomhaíochtaí comhchosúla a dhéantar ar bhonn pro bono publico. Is é is aidhm don Treoir seo freisin coimircí a leagan síos, ar thaobh amháin, chun rochtain éifeachtúil ar cheartas agus cosaint leasanna na bpáirtithe sa díospóid a áirithiú agus, ar an taobh eile, coinbhleachtaí leasa, dlíthíocht mhí-úsáideach chomh maith le leithdháileadh díréireach dámhachtainí airgeadaíochta do chisteoirí dlíthíochta a chosc.

(6) Ba cheart a thuiscint leis an téarma "cisteoir dlíthíochta" go dtagraíonn sé d'aon ghnóthas nach páirtí in imeachtaí é, ach a dhéanann comhaontú cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí ("comhaontú cistiúcháin tríú páirtí" anseo feasta) i ndáil leis na himeachtaí sin. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, áirítear leis an gcoincheap "gnóthas" aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear é, agus áirítear leis, dá bhrí sin, aon duine dlítheanach, lena n-áirítear a thuismitheoirí, a fhochuideachtaí nó a chleamhnaithe agus d'fhéadfaí soláthraithe gairmiúla cistiúcháin dlíthíochta, soláthraithe seirbhísí airgeadais, gnólachtaí bainistíochta éileamh nó soláthraithe seirbhíse eile a áireamh leis. Níl sé i gceist go n-áireofaí le coincheap an chisteora dlíthíochta dlíodóirí a dhéanann ionadaíocht ar pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, ná soláthraithe rialáilte seirbhísí árachais do pháirtí den sórt sin.

(7) I gcomhréir le traidisiúin dlí agus uathriail na mBallstát, is faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh ar cheart soláthar cistiúcháin dlíthíochta a cheadú laistigh dá chóras dlí féin agus a mhéid ar cheart sin a dhéanamh. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit cistiú dlíthíochta tríú páirtí den sórt sin a cheadú, déantar foráil sa Treoir seo maidir le híoschaighdeáin chun éilitheoirí cistithe a chosaint, ionas go gcumhdófar iad siúd a d'fhéadfadh dul i muinín cistiúchán dlíthíochta san Aontas le híosleibhéal cosanta, atá comhsheasmhach ar fud an Aontais.

(8) Sna Ballstáit sin ina bhféadfadh costais dhlíthiúla a bheith ina mbacainn shuntasach ar rochtain ar an gceartas, áfach, d'fhéadfadh sé gur mhian leis na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar reachtaíocht a thabhairt isteach chun cistiú dlíthíochta tríú páirtí a cheadú agus sa chás sin ba cheart dóibh coinníollacha agus coimircí soiléire a bhunú atá i gcomhréir leis an Treoir seo. Cé nach bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir le caingne ionadaíocha amháin, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach gcuirfidh costais na n-imeachtaí a bhaineann le caingne ionadaíocha cosc ar eintitis cháilithe a gceart chun sásamh a lorg a fheidhmiú go héifeachtach, i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/1828 agus go háirithe Airteagal 20 de.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(9) I gcás ina gceadaítear gníomhaíocht cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí, tá gá le córas chun cisteoirí dlíthíochta a údarú agus a mhaoirsiú ag comhlachtaí neamhspleácha riaracháin sna Ballstáit chun a áirithiú go gcomhlíonann na cisteoirí dlíthíochta sin na critéir agus na caighdeáin íosta a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart go mbeadh cisteoirí dlíthíochta faoi réir formhaoirseachta ar bhealach atá cosúil le modh an chórais maoirseachta stuamachta atá ann cheana agus is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais.

(10) Ba cheart a cheangal ar chisteoirí dlíthíochta atá gníomhach san Aontas a ngnó a dhéanamh ó laistigh den Aontas, a bheith údaraithe laistigh den Aontas, agus a gcomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a thabhairt i gcrích faoi réir dhlíthe Bhallstát na n-imeachtaí nó, más éagsúil, Ballstát an éilitheora nó na dtairbhithe beartaithe, chun a áirithiú go bhfuil maoirseacht faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta leordhóthanach.

(11) Ba cheart údaráis mhaoirseachta laistigh den Aontas, a dheonaíonn údaruithe chun gníomhaíochtaí cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí a dhéanamh, a chumhachtú chun a cheangal go gcomhlíonfaidh cisteoirí dlíthíochta na critéir íosta a leagtar síos leis an Treoir seo. Ba cheart a áireamh ar na critéir sin forálacha maidir le rúndacht, neamhspleáchas, rialachas, trédhearcacht, leordhóthanacht chaipitil, agus comhlíonadh dualgais mhuinínigh i leith éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe. Ba cheart an chumhacht a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta aon orduithe is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht iarratais ar údarú a fháil ó chisteoirí dlíthíochta agus cinneadh a dhéanamh ina dtaobh, aon fhaisnéis is gá a bhailiú, aon údarú a dheonú, a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar nó aon choinníoll, srian nó pionós a fhorchur ar aon chisteoir dlíthíochta, chomh maith le gearáin i gcoinne aon chisteoir dlíthíochta a dhéanann gníomhaíochtaí laistigh dá ndlínse, arna gcur isteach ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach, a imscrúdú gan moill mhíchuí, cé is moite den chosantóir. Maidir le hábhair imní a tharraing cosantóir anuas maidir leis an gcisteoir dlíthíochta le linn imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, ba cheart don chúirt ábhartha nó don údarás riaracháin ábhartha déileáil leo.

(12) I measc na gcritéar údaraithe eile, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar chisteoirí dlíthíochta a léiriú go bhfuil caipiteal leordhóthanach acu chun a n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh. Cruthaíonn easpa ceanglais chaipitil leordhóthanacha riosca go ndéanfaidh cisteoir dlíthíochta tearc-chaipitlithe comhaontú cistiúcháin tríú páirtí agus nach bhfuil sé toilteanach nó ábalta ina dhiaidh sin costais na dlíthíochta ar chomhaontaigh sé tacaíocht a thabhairt di a chumhdach, lena n-áirítear na costais nó na táillí is gá chun go mbeifí in ann na himeachtaí a thabhairt chun críche, nó aon dámhachtain costais dhíobhálach a bhaint amach. Is féidir leis sin éilitheoirí, a bhraitheann ar chisteoirí dlíthíochta, a nochtadh do riosca caillteanais eacnamaíoch ábhartha gan choinne, agus don riosca go dtréigfí imeachtaí atá inmharthana ar shlí eile mar gheall ar imthosca gnó nó cinntí an chisteora dlíthíochta.

(13) Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar chisteoirí dlíthíochta gníomhú go cothrom, go trédhearcach, go héifeachtúil agus ar mhaithe le leas éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe éileamh. D'fhéadfadh easpa ceanglais maidir le leasanna éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe a chur roimh leasanna an chisteora dlíthíochta féin an riosca a chruthú go ndíreofar imeachtaí ar bhealach a fhónann ar deireadh do leasanna an chisteora dlíthíochta, seachas leasanna an éilitheora.

(14) Chun cosc a chur ar dhul timpeall ar cheanglais na Treorach seo, níor cheart aon éifeacht dhlíthiúil a bheith ag comhaontuithe a dhéantar le cisteoirí dlíthíochta nach bhfuil an t-údarú riachtanach acu. Ba cheart an t-ualach chun na húdaruithe riachtanacha a fháil a bheith ar na cisteoirí dlíthíochta iad féin, agus dá bhrí sin ba cheart go ndéanfaí éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe a shlánú i ndáil le haon dochar a dhéanann cisteoir dlíthíochta nach bhfuil an t-údarú riachtanach aige.

(15) Ba cheart don Treoir seo gníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta a rialáil, ach ba cheart di a bheith gan dochar d'aon oibleagáidí nó córais rialála eile, amhail rialacha atá ann cheana lena rialaítear soláthar seirbhísí airgeadais a d'fhéadfadh feidhm a bheith acu, agus traidisiúin dhlíthiúla na mBallstát á n-urramú freisin, a neamhspleáchas agus a gcinntí maidir le hoiriúnacht cistiú dlíthíochta a cheadú ina gcórais dlí náisiúnta.

(16) Chun cur i bhfeidhm seasmhach na Treorach seo a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh a n-údaráis mhaoirseachta an Treoir seo i bhfeidhm i ndlúthchomhar le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát eile. Ba cheart go n-eagrófaí comhordú idir údaráis mhaoirseachta ar leibhéal an Aontais chun díbhéirseacht caighdeán maoirseachta a sheachaint, rud a d'fhéadfadh feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chur i mbaol.

(17) Ba cheart don Choimisiún comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás maoirseachta agus cruthú líonra comhair iomchuí chun na críche sin a éascú. Ba cheart a chur ar chumas na n-údarás maoirseachta dul i gcomhairle leis an gCoimisiún de réir mar is gá, agus ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún treoirlínte, moltaí, fógraí dea-chleachtais nó tuairimí comhairleacha a eisiúint chuig údaráis mhaoirseachta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus i ndáil le haon neamhréireacht dhealraitheach maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta sonraí a gcuid gníomhaíochtaí a roinnt leis an gCoimisiún chun comhordú a éascú, lena n-áirítear sonraí a roinnt faoi na cinntí go léir a rinne siad agus faoi na cisteoirí dlíthíochta ar fad a údaraíonn siad.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(18) Chun soláthar seirbhísí cistiúcháin dlíthíochta trasteorann a éascú sna Ballstáit sin ina gceadaítear é faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann comhoibriú, faisnéis agus dea-chleachtas a roinnt, agus ba cheart ceangal a bheith orthu aird iomlán a thabhairt ar chinntí údarúcháin a chéile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán agus saor ag gach saoránach a d'fhéadfadh sásamh a lorg, lena n-áirítear ag na grúpaí is leochailí, ar fhaisnéis agus treoir chuimsitheach agus shoiléir maidir le roghanna cistiúcháin d'éilimh, agus maidir leis na coinníollacha agus na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le héilimh a chistiú. I gcomhréir le hAirteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart do na Ballstáit réamhúdaruithe a aithint go frithpháirteach agus, dá bhrí sin, údarú a dheonú go huathoibríoch do chisteoirí dlíthíochta atá ag oibriú ar a gcríoch agus atá údaraithe oibriú i mBallstát eile, ar choinníoll go leanfaidh an t-údarú tosaigh de bheith bailí. I gcás ina bhfuil údarás maoirseachta, i mBallstát is faighteoir, ar an eolas faoi neamhrialtachtaí in iompar cisteora dlíthíochta, ba cheart dó an t-údarás maoirseachta freagrach a chur ar an eolas go díreach.

(19) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh tionchar míchuí ag an gcisteoir dlíthíochta ar chinntí maidir leis na himeachtaí dlíthiúla ábhartha, lena n-áirítear cinntí maidir le socraíocht, ar bhealach a dhéanfadh dochar do leasanna na n-éilitheoirí lena mbaineann an ghníomhaíocht sin.

(20) Chun aon eolas nó míchothromaíocht acmhainní idir cisteoir dlíthíochta agus éilitheoir a réiteach, agus measúnú á dhéanamh ar a oiriúnaí atá comhaontú cistiúcháin tríú páirtí, ba cheart do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin leibhéal soiléireachta agus trédhearcachta na gcomhaontuithe sin a chur san áireamh, mar aon lena mhéid a cuireadh aon rioscaí agus sochair i láthair go trédhearcach d'éilitheoirí nó dóibh siúd a bhfuil éilitheoirí ag déanamh ionadaíochta orthu, agus a mhéid a rinneadh na rioscaí agus na sochair sin a chur i láthair go feasach.

(21) Ba cheart comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a chur faoi bhráid éilitheoirí i dteanga a thuigeann siad, agus ba cheart raon na dtorthaí féideartha a leagan amach go soiléir agus i dtéarmaí iomchuí, chomh maith le haon rioscaí agus teorainneacha ábhartha.

(22) Ní féidir maoirseacht leordhóthanach ar chisteoirí dlíthíochta agus ar chomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a áirithiú in éagmais oibleagáidí ar chisteoirí dlíthíochta a bheith trédhearcach maidir lena ngníomhaíochtaí. Áirítear leis sin trédhearcacht i leith cúirteanna nó údarás riaracháin, cosantóirí agus éilitheoirí. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí a leagan síos chun an chúirt nó an t-údarás riaracháin ábhartha a chur ar an eolas faoi chistiú tráchtála a bheith ann agus faoi chéannacht an chisteora, agus chun comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a nochtadh ina n-iomláine do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin, arna iarraidh sin dóibh nó arna iarraidh sin ag an gcosantóir don chúirt agus faoi réir teorainneacha iomchuí chun aon rúndacht is gá a chosaint. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha maidir le gach gníomhaíocht cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí atá ábhartha do na himeachtaí dlíthiúla atá faoina bhfreagracht. Ina theannta sin, ba cheart don chúirt nó don údarás riaracháin cosantóirí a chur ar an eolas faoi chistiú dlíthíochta tríú páirtí a bheith ann agus faoi chéannacht an chisteora.

(23) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin, i gcás ina bhfuil comhaontú cistiúcháin tríú páirtí ábhartha maidir leis an gcás os a gcomhair, a mheas an gcomhlíonann an comhaontú cistiúcháin tríú páirtí an Treoir seo agus, i gcomhréir le hAirteagal 16, agus í a athbhreithniú más gá, arna iarraidh sin do pháirtí sna himeachtaí, nó ar thionscnamh na cúirte nó an údaráis riaracháin, nó tar éis caingean a thabhairt os a gcomhair i gcoinne chinneadh riaracháin údaráis mhaoirseachta atá críochnaitheach.

(24) Ba cheart do chisteoirí dlíthíochta próisis inmheánacha dea-rialachais a bhunú chun coinbhleachtaí leasa idir an cisteoir dlíthíochta agus éilitheoirí a sheachaint. Ba cheart go n-áiritheofaí le comhlíonadh na gceanglas trédhearcachta go bhfuil éilitheoirí go hiomlán ar an eolas faoi aon chaidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag cisteoir dlíthíochta le cosantóirí, dlíodóirí, cisteoirí dlíthíochta eile, nó aon tríú páirtí eile a bhfuil baint aige leis an gcás, rud a d'fhéadfadh coinbhleacht iarbhír nó coinbhleacht bhraite a chruthú.

(25) Níor cheart do chisteoirí dlíthíochta luach saothair éagórach, díréireach nó míréasúnta a éileamh i gcás ar bith ar chostas éilitheoirí. Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin measúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí atá ábhartha don chás atá os a gcomhair, agus na himthosca agus an cúlra inar tugadh an comhaontú i gcrích á gcur san áireamh, chun a chinneadh go héifeachtach an bhfuil sé cothrom agus an gcomhlíonann sé an Treoir seo agus reachtaíocht ábhartha uile an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha uile.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(26) I gcás ina gceadaíonn comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí do chisteoirí dlíthíochta sciar d'aon luach saothair nó táillí áirithe a fháil mar thosaíocht i ndáil le haon dámhachtain a leithdháiltear ar éilitheoirí, d'fhéadfaí an dámhachtain atá ar fáil a laghdú ionas nach bhfágfaí ach beagán nó gan rud ar bith a fhágáil d'éilitheoirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú i gcónaí le comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí go n-íocfar aon dámhachtain leis an éilitheoir ar dtús, is é sin le rá go dtugtar tosaíocht do theidlíocht an éilitheora ar theidlíocht an chisteora. Níor cheart go gceadófaí do chisteoirí dlíthíochta a éileamh go dtabharfaí tosaíocht dá luach saothair féin.

(27) Ós rud é gur féidir le sciar aon luach saothair a fhaigheann cisteoirí dlíthíochta i roinnt Ballstát aon fhaoiseamh a fhaigheann éilitheoirí a laghdú, ba cheart do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin formhaoirseacht a dhéanamh ar luach agus ar chion an sciar sin chun cosc a chur ar leithdháileadh díréireach dámhachtainí airgeadaíochta ar chisteoirí dlíthíochta. Ach amháin in imthosca eisceachtúla, i gcás ina ndéanfadh an sciar d'aon luach saothair a éilíonn cisteoir dlíthíochta an dámhachtain a chaolú, lena n-áirítear gach méid damáistí, costais, táillí agus speansais eile, atá ar fáil d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe go 60 % nó níos lú, ba cheart a thoimhdiú go bhfuil sí éagórach agus measfar í a bheith neamhbhailí.

(28) Ba cheart coinníollacha breise a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh tionchar míchuí ag cisteoirí dlíthíochta ar chinntí éilitheoirí le linn imeachtaí, is é sin le rá ar bhealach a rachadh chun tairbhe don chisteoir dlíthíochta féin ar chostas an éilitheora. Go háirithe, níor cheart do chisteoirí dlíthíochta tionchar míchuí a imirt ar chinntí maidir le conas a shaothraítear cásanna, maidir le cé na leasanna a dtugtar tosaíocht dóibh, ná maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart d'éilitheoirí glacadh le haon toradh, dámhachtain nó socraíocht ar leith.

(29) Níor cheart cead a bheith ag cisteoirí dlíthíochta an cistiú a chomhaontaigh siad a sholáthar a aistarraingt, ach amháin in imthosca teoranta mar a leagtar amach sa Treoir seo nó sa dlí náisiúnta arna ghlacadh de bhun na Treorach seo, ionas nach dtarraingeofar siar cistiú ag céim ar bith den phróiseas dlíthíochta, faoi mhíbhuntáiste na n-éilitheoirí nó na dtairbhithe beartaithe, mar gheall ar leasanna gnó nó dreasachtaí an chisteora dlíthíochta a bheith ag athrú.

(30) I gcás inar thug cisteoirí dlíthíochta tacaíocht nó cistiú d'imeachtaí nach n-éiríonn leo, ba cheart dóibh a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt le héilitheoirí as aon chostais dhíobhálacha a tharraing siad ar chosantóirí agus a d'fhéadfadh cúirteanna nó údaráis riaracháin a dhámhachtain. Ba cheart cumhachtaí leordhóthanacha a thabhairt do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin chun éifeachtacht oibleagáide den sórt sin a áirithiú, agus níor cheart freagracht as costais dhíobhálacha den sórt sin a eisiamh ó chomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí.

(31) Ba cheart cúirteanna nó údaráis riaracháin na mBallstát a bheith i dteideal aon dámhachtainí costas díobhálacha a chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí spleáchas ar aon fhianaise eolaíoch, staidrimh nó theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, nó trí spleáchas ar aon saineolaithe, measúnóirí nó cuntasóirí cánach, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach in imthosca na n-imeachtaí.

(32) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, ba cheart an Treoir seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin, lena n-áirítear na cearta agus na prionsabail a bhaineann leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, chomh maith leis an gceart chun cosanta.

(33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon comhchuibhiú ar rialacha na mBallstát is infheidhme maidir le cisteoirí dlíthíochta agus a ngníomhaíochtaí a áirithiú, agus, dá bhrí sin, rochtain ar cheartas a chumasú, agus íoschaighdeáin choiteanna a thabhairt isteach maidir le cearta éilitheoirí cistithe agus tairbhithe beartaithe a chosaint in imeachtaí arna maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí, a bhfuil feidhm acu sna Ballstáit uile ina gceadaítear cistiú dlíthíochta, a bhaint amach go leordhóthanach mar gur féidir le cisteoirí dlíthíochta oibriú i roinnt Ballstát agus go bhfuil siad faoi réir rialacha agus cleachtais náisiúnta éagsúla, ach is fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, mar gheall ar scála an mhargaidh atá ag teacht chun cinn maidir le cistiúchán dlíthíochta tríú páirtí, an gá atá le rialacha agus cleachtais dibhéirsithe a sheachaint ar dócha go mbeidh siad ina gconstaic ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ar "siopadóireacht fóraim" ag cisteoirí dlíthíochta atá ag iarraidh rialacha náisiúnta a optamú. Féadfaidh an tAontas, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(34) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an caidreamh idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus cuspóir

Leagtar amach leis an Treoir seo na rialacha íosta is infheidhme maidir le cisteoirí dlíthíochta tráchtála tríú páirtí agus a ngníomhaíochtaí údaraithe, agus soláthraítear léi creat chun tacú le héilitheoirí cistithe agus tairbhithe beartaithe agus iad a chosaint, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, iad siúd a ndéanann eintitis cháilithe ionadaíocht ar a leasanna, in imeachtaí arna maoiniú go hiomlán nó go páirteach le cistiú dlíthíochta tríú páirtí. Leagtar síos léi coimircí chun coinbhleachtaí leasa, dlíthíocht mhí-úsáideach chomh maith le leithdháileadh díréireach dámhachtainí airgeadaíochta ar chisteoirí dlíthíochta a chosc, agus a áirithiú ag an am céanna go gceadaítear d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe rochtain chuí a fháil ar cheartas le cistiú dlíthíochta tríú páirtí, agus go n-áiritheofar cuntasacht chorparáideach.

Airteagal 2

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le cisteoirí tráchtála dlíthíochta tríú páirtí ("cisteoirí dlíthíochta" anseo feasta) agus le comhaontuithe maoinithe tríú páirtí tráchtála ("comhaontuithe maoinithe tríú páirtí" anseo feasta), beag beann ar chineál na n-éileamh gaolmhar. Tá sé gan dochar do dhlí idirnáisiúnta, do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta atá ann cheana lena gceadaítear éilimh a thionscnamh, go háirithe an dlí maidir le cosaint comhleasanna tomhaltóirí, maidir le cosaint an chomhshaoil, agus an dlí lena rialaítear imeachtaí dócmhainneachta nó dliteanas.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "cisteoir dlíthíochta" aon ghnóthas tráchtála a dhéanann comhaontú cistiúcháin tríú páirtí i ndáil le himeachtaí, cé nach páirtí sna himeachtaí sin é, ná dlíodóir ná gairmí dlíthiúil eile a dhéanann ionadaíocht ar pháirtí sna himeachtaí sin, ná soláthraí seirbhísí árachais rialáilte do pháirtí in imeachtaí den sórt sin, agus arb é is príomhaidhm dó toradh a fháil ar infheistíocht a dhéanann sé trí chistiú a sholáthar i ndáil leis na himeachtaí sin nó trí bhuntáiste iomaíoch a fháil i margadh sonrach;

(b) ciallaíonn "éilitheoir" 'aon duine nádúrtha nó duine dlíthiúil a thionscnaíonn imeachtaí nó a bhfuil sé beartaithe aige imeachtaí a thionscnamh i gcoinne páirtí eile os comhair cúirte nó údarás riaracháin;

(c) ciallaíonn "cúirt nó údarás riaracháin" cúirt inniúil, údarás riaracháin inniúil, comhlacht eadrána inniúil nó comhlacht eile a bhfuil sé de chúram air breithniú a dhéanamh ar imeachtaí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

(d) ciallaíonn "tairbhí beartaithe" duine atá i dteideal sciar de dhámhachtain a fháil in imeachtaí agus a ndéanann an t-éilitheoir cistithe nó eintiteas cáilithe, a thugann an chaingean mar pháirtí is éilitheoir thar ceann an duine sin, ionadaíocht ar a leasanna sna himeachtaí le linn caingne ionadaíocha;

(e) ciallaíonn "imeachtaí" aon dlíthíocht shibhialta nó tráchtála, intíre nó trasteorann, nó aon nós imeachta eadrána deonach nó sásra um réiteach malartach díospóidí, trína ndéantar sásamh a lorg maidir le díospóid os comhair cúirte nó údarás riaracháin san Aontas;

(f) ciallaíonn "eintiteas cáilithe" eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí agus atá ainmnithe mar eintiteas cáilithe faoi Threoir (AE) 2020/1828;

(g) ciallaíonn "údarás maoirseachta" údarás poiblí arna ainmniú ag Ballstát le bheith freagrach as an údarú do chisteoirí dlíthíochta a dheonú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta;

(h) ciallaíonn "comhaontú cistiúcháin tríú páirtí" comhaontú ina gcomhaontaíonn cisteoir dlíthíochta costais na n-imeachtaí go léir nó cuid díobh a chistiú mar mhalairt ar sciar den mhéid airgeadaíochta arna dhámhachtain don éilitheoir a fháil nó táille ratha a fháil, ionas go ndéanfar an cisteoir dlíthíochta a aisíoc as an gcistiú a soláthraíodh agus, i gcás inarb infheidhme, a luach saothair as an tseirbhís a soláthraíodh a chumhdach, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar thoradh na n-imeachtaí. Cumhdaítear leis an sainmhíniú seo gach comhaontú ina gcomhaontaítear luach saothair den sórt sin, cibé acu a thairgtear é mar sheirbhís neamhspleách, nó a bhaintear amach trí cheannach nó sannadh an éilimh.

Caibidil II

Formheas gníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta laistigh den Aontas

Airteagal 4

Córas an údaraithe

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an féidir comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a thairiscint i ndáil le himeachtaí laistigh dá ndlínse, ar mhaithe le héilitheoirí nó tairbhithe beartaithe a bhfuil cónaí orthu laistigh dá gcríoch.

2. I gcás ina gceadaítear gníomhaíochtaí cistiúcháin tríú páirtí, cruthóidh na Ballstáit córas chun gníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta laistigh dá gcríoch a údarú agus faireachán a dhéanamh orthu. Áireofar sa chóras sin roinn nó údarás maoirseachta neamhspleách a ainmniú a mbeidh sé de chúram air údaruithe a dheonú, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar do chisteoirí dlíthíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta.

3. Ní bheidh feidhm ag córas an údaraithe dá bhforáiltear san Airteagal seo ach amháin maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a bheith á dtairiscint ag cisteoirí dlíthíochta. I gcás inar soláthraithe seirbhísí eile dlí, airgeadais nó bainistithe éileamh arna maoirsiú ag údarás eile laistigh den Aontas iad na cisteoirí dlíthíochta, beidh an Treoir seo gan dochar d'aon chóras maoirseachta agus údaraithe atá ann i ndáil leis na seirbhísí eile sin.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le húdarú

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta ach údaruithe a dheonú nó a choinneáil, cibé acu le haghaidh dlíthíocht intíre nó trasteorann nó le haghaidh imeachtaí eile, do chisteoirí dlíthíochta a chomhlíonann an Treoir seo, agus a chomhlíonann, sa bhreis ar aon oiriúnacht nó critéir eile a fhéadfar a leagan amach sa dlí náisiúnta, na critéir seo a leanas ar a laghad:

(a) déanann siad a ngnó trí oifig chláraithe i mBallstát, agus déanann siad iarratas ar údarú agus coimeádann siad an t-údarú sa Bhallstát céanna sin;

(b) geallann siad comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a thabhairt i gcrích faoi réir dhlíthe an Bhallstáit maidir le haon imeachtaí atá beartaithe, nó, murab ionann iad, dlí Bhallstát an éilitheora nó na dtairbhithe beartaithe;

(c) léiríonn siad, chun sástacht an údaráis mhaoirseachta, go bhfuil nósanna imeachta agus struchtúir rialachais i bhfeidhm acu chun a áirithiú go gcomhlíonann siad an Treoir seo ar bhonn leanúnach, na ceanglais trédhearcachta agus caidrimh mhuiníneacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, agus tá nósanna imeachta inmheánacha bunaithe acu chun coinbhleacht leasa idir iad féin agus na cosantóirí in imeachtaí a bhaineann leis an gcisteoir dlíthíochta a chosc;

(d) comhlíonann siad na ceanglais maidir le leordhóthanacht chaipitil a leagtar amach in Airteagal 6; agus

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(e) sásaíonn siad an t-údarás maoirseachta go bhfuil an rialachas agus na nósanna imeachta i bhfeidhm acu chun a áirithiú go ndéanfar an dualgas muiníneach dá bhforáiltear in Airteagal 7 a urscaoileadh agus a urramú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas frithpháirteach d'údarú arna thabhairt do chisteoir dlíthíochta i mBallstát eile agus, dá bhrí sin, ceadóidh siad go huathoibríoch dóibh oibriú ina mBallstát, ar choinníoll go leanfaidh an t-údarú tosaigh de bheith bailí.

3. Ní dochar córas an údaraithe, arna bhunú faoi Airteagal 4, do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais lena rialaítear soláthar seirbhísí airgeadais, gníomhaíocht infheistíochta, nó cosaint tomhaltóirí.

Airteagal 6

Leordhóthanacht caipitil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag na húdaráis mhaoirseachta a fhíorú cibé an mbeadh sé ar chumas cisteoirí dlíthíochta acmhainní leordhóthanacha airgeadais a bheith acu i gcónaí chun a ndliteanais faoina gcomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a chomhlíonadh. Go háirithe, áiritheoidh na húdaráis mhaoirseachta go mbeidh cisteoirí dlíthíochta in acmhainn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na fiacha uile a thagann as a gcomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a íoc nuair a bheidh siad dlite agus iníoctha; agus

(b) gach céim d'aon imeachtaí atá geallta acu a mhaoiniú, lena n-áirítear an triail agus aon achomharc ina dhiaidh sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cead ag cisteoirí dlíthíochta a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach i mír 1 trí dheimhniú nó fianú a sholáthar go gcumhdódh scéim árachais na costais uile dá dtagraítear i mír 1, i gcás inar gá.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta a fhíorú cibé an mbeadh cisteoirí dlíthíochta in ann rochtain a choimeád i gcónaí ar an íosmhéid leachtachta is gá chun na costais dhíobhálacha intuartha uile a íoc ina n-iomláine sna himeachtaí uile a ndearna siad cistiú ina leith. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lena gcúirteanna nó lena n-údaráis riaracháin a iarraidh ar chisteoirí dlíthíochta urrús a sholáthar le haghaidh costas sna foirmeacha a cheadaítear leis an dlí náisiúnta, i gcás ina n-iarrann éilitheoir amhlaidh bunaithe ar ábhair imní shonracha réasúnaithe.

4. Féadfaidh na Ballstáit ciste árachais sonrach a bhunú chun costais uile na n-éilitheoirí atá i mbun dlíthíochta de mheon macánta a chumhdach, i gcás ina dtiocfaidh cisteoir dlíthíochta chun bheith dócmhainneach le linn an nós imeachta dlíthíochta. I gcás ina mbunaíonn Ballstát ciste den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát sin go ndéanfar é a bhainistiú go poiblí agus a mhaoiniú trí tháillí bliantúla is iníoctha ag cisteoirí dlíthíochta údaraithe.

Airteagal 7

Dualgas muiníneach

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta a fhíorú go bhfuil an rialachas agus na nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm ag cisteoirí dlíthíochta chun a áirithiú go bhfuil na comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a dhéanann siad bunaithe ar chaidreamh muiníneach agus go ngeallann siad, faoi na comhaontuithe sin, go ngníomhóidh siad go cothrom, go trédhearcach agus go gcomhlíonfaidh siad dualgas muiníneach cúraim lena gceanglaítear orthu gníomhú ar mhaithe le leas an éilitheora.

2. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag éilitheoir éileamh a dhéanamh thar ceann daoine eile in imeachtaí, amhail i gcás inar eintiteas cáilithe é an t-éilitheoir a dhéanann ionadaíocht ar thomhaltóirí, ceanglófar ar an gcisteoir dlíthíochta dualgas muiníneach a chur ar na tairbhithe beartaithe sin. Beidh sé d'oibleagáid ar chisteoirí dlíthíochta gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach lena ndualgas muiníneach le linn na n-imeachtaí. I gcás coinbhleacht idir leasanna an chisteora dlíthíochta agus leasanna na n-éilitheoirí nó na dtairbhithe beartaithe, geallfaidh an cisteoir dlíthíochta go gcuirfear leasanna na n-éilitheoirí nó na dtairbhithe beartaithe roimh a leasanna féin.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Caibidil III

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta agus comhordú eatarthu

Airteagal 8

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta

1. I gcás ina gceadaítear comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí i gcomhréir le hAirteagal 4, déanfaidh na Ballstáit foráil go bhfuil údarás maoirseachta poiblí neamhspleách freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar údarú cisteoirí dlíthíochta atá bunaithe laistigh dá dhlínse, comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a thairiscint d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe laistigh dá dhlínse, nó i ndáil le himeachtaí laistigh dá dhlínse.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nós imeachta gearáin i bhfeidhm d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar mian leis ábhair imní a ardú os comhair údarás maoirseachta maidir le comhlíonadh a oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme ag cisteoir dlíthíochta.

3. D'ainneoin an nós imeachta gearáin dá dtagraítear i mír 2, i gcás imeachtaí dlíthiúla leanúnacha a bhaineann leis an gcisteoir dlíthíochta, is í an chúirt inniúil nó an t-údarás riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 16(2) a dhéileálfaidh leis na hábhair imní a tharraing an cosantóir anuas sna himeachtaí sin maidir le comhlíonadh a oibleagáidí faoin Treoir seo agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme ag cisteoir dlíthíochta.

4. Tabharfar de chumhacht agus cuirfear de cheangal ar gach údarás maoirseachta na nithe seo a leanas go háirithe a dhéanamh:

(a) iarratais ar údarú agus aon fhaisnéis is gá chun na hiarratais sin a mheas a fháil ó chisteoirí dlíthíochta, agus cinneadh a dhéanamh ar aon iarratas den sórt sin ar bhealach tráthúil;

(b) na cinntí is gá a ghlacadh chun údarú a dheonú nó a dhiúltú d'aon chisteoir dlíthíochta is iarratasóir, chun aon údarú a tharraingt siar, nó chun coinníollacha, srianta nó pionóis a fhorchur ar aon chisteoir dlíthíochta údaraithe;

(c) cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht agus feiliúnacht cisteora dlíthíochta, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh dá dtaithí, dá gcáil, dá bpróisis inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa/eolais a sheachaint agus a réiteach;

(d) aon chinneadh a glacadh de bhun phointe (b) a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht tráchtála;

(e) measúnú a dhéanamh, gach bliain ar a laghad, ar cibé an leanann cisteoir dlíthíochta údaraithe de bheith ag comhlíonadh na gcritéar maidir le húdarú dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus a áirithiú go gcuirfear an t-údarú sin ar fionraí nó go dtarraingeofar siar é mura gcomhlíonann an cisteoir dlíthíochta ceann amháin nó níos mó de na critéir sin a thuilleadh. Ní dhéanfaidh fionraí nó tarraingt siar den sórt sin difear do chearta éilitheoirí agus thairbhithe na n-imeachtaí a bhféadfadh baint a bheith ag an gcisteoir leo; agus

(f) faoin gcóras dá dtagraítear in Airteagal 9, gearáin a fháil agus a imscrúdú i ndáil le hiompar cisteora dlíthíochta agus i ndáil le comhlíonadh an chisteora dlíthíochta sin leis na forálacha a leagtar síos i gCaibidil IV den Treoir seo agus le haon cheanglais eile is infheidhme faoin dlí náisiúnta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar chisteoirí dlíthíochta fógra a thabhairt d'údarás maoirseachta gan moill mhíchuí maidir le haon athruithe a dhéanann difear do chomhlíonadh na gceanglas leordhóthanachta caipitil a leagtar síos in Airteagal 6, míreanna 1 agus 2. Ina theannta sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndeimhneoidh cisteoirí dlíthíochta gach bliain go bhfuil siad fós i gcomhréir leis na míreanna sin.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis mhaoirseachta maoirseacht ar chaidrimh mhuiníneacha idir cisteoirí dlíthíochta agus éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe i gcoitinne, agus go mbeidh siad in ann treoracha agus orduithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar leasanna na n-éilitheoirí agus leasanna na dtairbhithe beartaithe.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Airteagal 9

Imscrúduithe agus gearáin

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas gearán i bhfeidhm lena bhféadfar gearáin a ghlacadh agus a imscrúdú amhail dá dtagraítear in Airteagal 8, mír 2.

2. Faoin gcóras gearán dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta a mheas gan moill mhíchuí an bhfuil cisteoir dlíthíochta i gcomhréir le haon oibleagáidí nó coinníollacha a bhaineann lena údarú, le forálacha na Treorach seo agus le haon cheanglais eile is infheidhme faoin dlí náisiúnta.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, agus a bhformhaoirseacht á feidhmiú acu maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí nó na gcoinníollacha a bhaineann lena n-údarú ag cisteoirí dlíthíochta, go dtabharfar de chumhacht d'údaráis mhaoirseachta an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a fhaightear ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach i gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus faoi réir Airteagal 8(3);

(ii) gearáin ó aon údarás maoirseachta eile nó ón gCoimisiún a imscrúdú;

(iii) imscrúduithe a thionscnamh ar bhonn *ex officio*;

(iv) imscrúduithe a thionscnamh tar éis moladh a fháil ó chúirt nó ó údarás riaracháin a bhfuil ábhair imní aici a eascraíonn as aon imeachtaí os comhair cúirte nó údaráis riaracháin den sórt sin maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí nó na gcoinníollacha a bhaineann lena údarú ag cisteoir dlíthíochta.

Airteagal 10

Comhordú idir na húdaráis mhaoirseachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-údaráis mhaoirseachta an Treoir seo i bhfeidhm i ndlúthchomhar le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát eile.

2. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht agus comhordú ar ghníomhaíochtaí na n-údarás maoirseachta i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a leagtar amach sa Treoir seo, agus tionólfaidh sé líonra údarás maoirseachta agus déanfaidh sé cathaoirleacht orthu. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe maidir le comhar laistigh de líonra na n-údarás maoirseachta a leagan síos, agus déanfaidh sé athbhreithniú orthu go tréimhsiúil, i ndlúthchomhar leis na húdaráis mhaoirseachta.

3. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta dul i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le haon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte, moltaí, fógraí dea-chleachtais agus tuairimí comhairleacha a eisiúint do na húdaráis mhaoirseachta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, agus maidir le haon neamhréireacht dhealraitheach ina thaobh sin, nó i dtaca le maoirseacht a dhéanamh ar aon chisteoirí dlíthíochta. Féadfaidh an Coimisiún lárionad inniúlachta a chur ar bun freisin chun saineolas cáilithe a chur ar fáil don chúirt nó d'údaráis riaracháin a bhfuil comhairle á lorg acu maidir le conas measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta laistigh den Aontas.

4. Déanfaidh gach údarás maoirseachta liosta de chisteoirí dlíthíochta údaraithe a chur ar bun, é a chur in iúl don Choimisiún agus an liosta sin a chur ar fáil go poiblí. Tabharfaidh na húdaráis mhaoirseachta an liosta sin cothrom le dáta aon uair a thiocfaidh athrú air agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

5. Déanfaidh gach údarás maoirseachta, arna iarraidh sin air, mionsonraí na gcinntí a rinneadh maidir le maoirseacht ar chisteoirí dlíthíochta, lena n-áirítear mionsonraí na gcinntí arna ndéanamh de bhun Airteagal 8(4), pointe (b), a chur in iúl don Choimisiún agus d'údaráis mhaoirseachta eile.

6. I gcás ina bhfuil údarú iarrtha ag cisteoir dlíthíochta ó údarás maoirseachta, agus go lorgaíonn sé údarú ó údarás eile ina dhiaidh sin, déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta sin faisnéis a chomhordú agus a chomhroinnt a mhéid is iomchuí, d'fhonn cinntí comhsheasmhacha a dhéanamh, agus aird chuí á tabhairt ar rialacha náisiúnta dibhéirsithe.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

7. I gcás ina n-údaraíonn údarás maoirseachta i mBallstát cisteoir dlíthíochta, ach gur mian leis comhaontú cistiúcháin tríú páirtí a thairiscint ar mhaithe le héilitheoir nó le tairbhí beartaithe eile i mBallstát eile, nó le haghaidh imeachtaí i mBallstát eile, cuirfidh sé cruthúnas ar údarú óna Bhallstát baile i láthair. I gcás ina bhfuil údarás maoirseachta sa Bhallstát eile sin ar an eolas faoi neamhrialtachtaí in iompar an chisteora dlíthíochta, cuirfidh sé an t-údarás maoirseachta freagrach ar an eolas go díreach.

Airteagal 11

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón… [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí].

Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 10(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse [dhá mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [dhá mhí] ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Caibidil IV

Comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí agus gníomhaíochtaí cisteoirí dlíthíochta

Airteagal 12

Ábhar comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí

Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a sholáthar i scríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an éilitheoir agus ar na tairbhithe beartaithe, agus go gcuirfear i láthair iad ar bhealach soiléir agus sothuigthe go héasca agus go n-áireofar iontu an méid seo a leanas ar a laghad:

a. na costais agus na speansais éagsúla a chlúdóidh an cisteoir dlíthíochta;

b. an sciar d'aon dámhachtain nó táillí a íocfar leis an gcisteoir dlíthíochta nó le haon tríú páirtí eile, nó aon chostais airgeadais eile a bheidh le híoc, go díreach nó go hindíreach, ag na héilitheoirí, ag na tairbhithe beartaithe, nó acu araon;

c. tagairt do fhreagracht an chisteora dlíthíochta maidir le costais dhíobhálacha, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Treoir seo;

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

d. clásal lena sonraítear go ndéanfar aon dámhachtainí as a bhfuil táillí an chisteora inasbhainte a íoc go hiomlán ar dtús leis na héilitheoirí a fhéadfaidh aon suimeanna comhaontaithe a íoc ina dhiaidh sin le cisteoirí dlíthíochta mar tháillí nó mar choimisiún, agus na híosmhéideanna dá bhforáiltear sa Treoir seo a choinneáil;

e. na rioscaí atá á nglacadh ag na héilitheoirí, ag na tairbhithe beartaithe nó acu ar fad, lena n-áirítear:

i. an raon feidhme chun costais sa dlíthíocht a mhéadú, agus conas a imríonn sé sin tionchar ar leasanna airgeadais na n-éilitheoirí, na dtairbhithe nó iad ar fad;

ii. na himthosca arna sainiú go docht inar féidir an comhaontú cistiúcháin tríú páirtí a fhoirceannadh agus na rioscaí d'éilitheoirí, do thairbhithe nó dóibh araon sa chás sin, agus

iii. aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go gcaithfí costais dhíobhálacha a íoc, lena n-áirítear cúinsí ina bhféadfadh sé nach gcumhdódh árachas nó slánaíochtaí costas díobhálach an neamhchosaint sin.

f. séanadh maidir le neamhchoinníollacht cistiúcháin i ndáil le céimeanna nós imeachta;

g. dearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasa ann ón gcisteoir dlíthíochta.

Airteagal 13

Ceanglais trédhearcachta agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint

1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar chisteoirí dlíthíochta beartas a chur ar bun agus próisis inmheánacha a chur chun feidhme chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint agus a réiteach. Beidh an beartas agus na próisis inmheánacha sin oiriúnach do chineál, do scála agus do chastacht ghnó an chisteora dlíthíochta, agus leagfar amach i scríbhinn iad agus cuirfear ar fáil go poiblí iad ar shuíomh gréasáin an chisteora dlíthíochta. Déanfar iad a lua go soiléir freisin in iarscríbhinn a ghabhann le haon chomhaontú cistiúcháin tríú páirtí.

2. Cuirfidh na Ballstáit freisin de cheangal ar chisteoirí dlíthíochta an fhaisnéis uile a d'fhéadfaí a mheas go réasúnach mar fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina siocair le coinbhleacht leasa a nochtadh don éilitheoir agus do na tairbhithe beartaithe sa chomhaontú cistiúcháin tríú páirtí. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad i nochtaí na gcisteoirí dlíthíochta:

(a) sonraí faoi aon socruithe atá ann, ó thaobh airgeadais nó eile de, idir an cisteoir dlíthíochta agus aon ghnóthas eile a bhaineann leis na himeachtaí, lena n-áirítear aon socruithe le haon eintiteas cáilithe ábhartha, le comhbhailitheoir éileamh, le dlíodóirí, nó le páirtí leasmhar eile;

(b) sonraí maidir le haon nasc ábhartha idir an cisteoir dlíthíochta agus cosantóir sna himeachtaí, go háirithe i ndáil le haon chás iomaíochta.

Airteagal 14

Comhaontuithe agus clásail neamhbhailí

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon éifeacht dhlíthiúil ag comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí arna dtabhairt i gcrích le daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach bhfuil údaraithe chun gníomhú mar chisteoir dlíthíochta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadófar do chisteoirí tríú páirtí tionchar a imirt ar chinntí éilitheora le linn imeachtaí ar bhealach a rachadh chun tairbhe don chisteoir dlíthíochta féin ar chostas an éilitheora. Chuige sin, ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag aon chlásal i gcomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí lena ndeonaítear an chumhacht do chisteoir dlíthíochta cinntí a dhéanamh nó tionchar a imirt orthu i ndáil le himeachtaí. Ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag aon chlásal nó socrú den sórt sin ina mbeidh, *inter alia*, na nithe seo a leanas:

(a) deonú cumhachta follasaí do chisteoir dlíthíochta chun cinntí a ghlacadh nó tionchar a imirt orthu le linn imeachtaí, amhail i ndáil le héilimh shonracha a shaothrú, leis an gcás a shocrú, nó leis na costais a bhaineann leis na himeachtaí a bhainistiú;

(b) caipiteal nó acmhainn ar bith eile a sholáthar le luach airgid chun críocha imeachtaí, ag brath ar chisteoirí tríú páirtí a úsáid shonrach a fhormheas.

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

3. Forálfaidh na Ballstáit nach mbeidh aon éifeacht dhlíthiúil ag comhaontuithe ina ráthaítear do chisteoir dlíthíochta toradh íosta a fháil ar a infheistíocht sular féidir le héilitheoir nó tairbhí beartaithe a sciar a fháil.

4. In éagmais imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfágfadh comhaontú cistiúcháin dlíthíochta go mbeadh cisteoir dlíthíochta i dteideal sciar d'aon dámhachtain a fháil lena ndéanfaí an sciar atá ar fáil don éilitheoir agus do na tairbhithe beartaithe a chaolú go 60 % nó níos lú den dámhachtain iomlán, lena n-áirítear gach méid damáistí, costais, táillí agus speansais eile, ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag comhaontú den sórt sin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh forálacha i gcomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí a chuireann teorainn le dliteanas cisteora dlíthíochta i gcás ordú le haghaidh costas díobhálach tar éis imeachtaí neamhrathúla. Ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil ag forálacha a airbheartaíonn teorainn a chur le dliteanas cisteora dlíthíochta i leith costas.

6. Áiritheoidh na Ballstáit nach gceadófar leis na coinníollacha lena rialaítear comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí an cistiú sin a tharraingt siar, ach amháin in imthosca forordaithe arna sainiú sa dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15(1).

7. Slánófar éilitheoirí agus tairbhithe beartaithe i leith aon chaillteanais a tharlaíonn mar gheall ar chisteoir dlíthíochta a rinne comhaontú cistiúcháin tríú páirtí agus a chinntear a bheith neamhbhailí. Ní dhéanfar difear do chearta na n-éilitheoirí ná do chearta thairbhithe beartaithe na n-imeachtaí.

Airteagal 15

Foirceannadh comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí

1. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar chisteoir dlíthíochta comhaontú cistiúcháin tríú páirtí a fhoirceannadh go haontaobhach gan toiliú feasach an éilitheora, ach amháin i gcás inar dheonaigh cúirt nó údarás riaracháin cead don chisteoir dlíthíochta an comhaontú a fhoirceannadh, tar éis breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfaí leasanna an éilitheora agus na dtairbhithe beartaithe a chosaint go leordhóthanach in ainneoin an fhoirceanta.

2. Beidh sé de cheangal fógra leordhóthanach, amhail dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, a thabhairt chun an comhaontú cistiúcháin tríú páirtí a fhoirceannadh.

Caibidil V

Athbhreithniú ag cúirteanna nó údaráis riaracháin

Airteagal 16

Nochtadh an chomhaontaithe cistiúcháin tríú páirtí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar ar éilitheoirí nó ar a n-ionadaithe an chúirt nó an t-údarás riaracháin ábhartha a chur ar an eolas faoi chomhaontú cistiúcháin tríú páirtí a bheith ann agus faoi chéannacht an chisteora dlíthíochta agus cóip iomlán neamhchoigeartaithe de na comhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí sin a bhaineann leis na himeachtaí lena mbaineann a sholáthar don chúirt nó don údarás riaracháin ábhartha, arna iarraidh sin don chúirt nó don údarás riaracháin ábhartha, don chúirt nó don údarás riaracháin ábhartha ag an gcéim is luaithe de na himeachtaí sin. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go gcuirfidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin cosantóirí ar an eolas faoi chomhaontú cistiúcháin tríú páirtí a bheith ann, agus faoi chéannacht an chisteora dlíthíochta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do chúirteanna nó d'údaráis riaracháin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú cistiúcháin tríú páirtí i gcomhréir le hAirteagal 17, arna iarraidh sin do pháirtí sna himeachtaí, i gcás ina bhfuil amhras a bhfuil údar leis ar an bpáirtí sin maidir le comhlíonadh an chomhaontaithe cistiúcháin tríú páirtí sin leis an Treoir seo agus le haon dlí náisiúnta eile is infheidhme, nó ar a dtionscnamh féin.

Airteagal 17

Athbhreithniú ag cúirteanna nó údaráis riaracháin ar chomhaontuithe cistiúcháin tríú páirtí

Ainmneoidh na Ballstáit an chúirt inniúil nó an t-údarás riaracháin inniúil chun na cúraimí breithiúnacha agus riaracháin éagsúla dá bhforáiltear faoin Treoir seo a dhéanamh. Sonrófar san ainmniú sin go háirithe go ndéanfaidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin a dtabharfar cás atá maoinithe go príobháideach os a comhair rialuithe, gan moill mhíchuí agus arna iarraidh sin do pháirtí sna himeachtaí nó ar a dtionscnamh féin, ar thionchar na gcomhaontuithe cistiúcháin ar na cásanna atá os a gcomhair, trí chumhachtaí a fheidhmiú:

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(a) orduithe a dhéanamh nó treoracha a thabhairt atá ceangailteach ar chisteoir dlíthíochta, amhail a cheangal ar an gcisteoir dlíthíochta an cistiú a sholáthar mar a comhaontaíodh sa chomhaontú cistiúcháin ábhartha tríú páirtí nó a cheangal ar an gcisteoir dlíthíochta athruithe a dhéanamh i ndáil leis an gcistiú ábhartha;

(b) measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh gach comhaontaithe cistiúcháin tríú páirtí leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo, go háirithe an dualgas muiníneach atá dlite d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe faoi Airteagal 7, agus, i gcás ina gcinntear nach gcomhlíonann an comhaontú sin, a ordú don chisteoir dlíthíochta na hathruithe is gá a dhéanamh, nó clásal a dhearbhú a bheith ar neamhní i gcomhréir le hAirteagal 14;

(c) meastóireacht a dhéanamh ar chomhréireacht gach comhaontaithe cistiúcháin tríú páirtí i ndáil leis na ceanglais trédhearcachta faoi Airteagal 13;

(d) measúnú a dhéanamh an bhfuil cisteoir dlíthíochta i dteideal sciar éagórach, díréireach nó míréasúnta d'aon dámhachtain mar a thuairiscítear in Airteagal 14(4) le comhaontú cistiúcháin tríú páirtí agus comhaontú den sórt sin a neamhniú nó a choigeartú dá réir sin. Sonróidh na Ballstáit agus measúnú den sórt sin á dhéanamh acu, go bhféadfaidh cúirteanna inniúla nó údaráis riaracháin saintréithe agus cúinsí na n-imeachtaí atá beartaithe nó na n-imeachtaí atá ar siúl a chur san áireamh, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí:

(i) na páirtithe atá rannpháirteach sa chás, chomh maith le tairbhithe beartaithe na n-imeachtaí, agus an méid a thuig siad a bheith comhaontaithe maidir leis an méid a gheobhadh an cisteoir dlíthíochta faoin gcomhaontú cistiúcháin, tar éis toradh rathúil a bheith ar na himeachtaí;

(ii) luach dóchúil aon dámhachtana;

(iii) luach ranníocaíocht airgeadais an chisteora dlíthíochta agus cion chostais fhoriomlána an éilitheora atá cistithe ag an gcisteoir dlíthíochta, agus

(iv) an cion d'aon dámhachtain a bheidh le fáil ag an éilitheoir agus ag na tairbhithe beartaithe;

(e) aon phionós a fhorchur a mheasann an chúirt nó an t-údarás riaracháin a bheith iomchuí chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú;

(f) dul i gcomhairle le daoine a bhfuil an t-eolas agus an neamhspleáchas iomchuí acu, nó saineolas a lorg uathu, chun cuidiú le feidhmiú chumhachtaí measúnaithe na cúirte nó an údaráis riaracháin, lena n-áirítear ó aon saineolaí a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó ó údaráis mhaoirseachta.

Airteagal 18

Freagracht as costais dhíobhálacha

1. I gcás nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an bpáirtí is éilitheoir chun costais dhíobhálacha a sheasamh, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do na cúirteanna nó do na húdaráis riaracháin orduithe costais a dhéanamh i gcoinne cisteoirí dlíthíochta, bíodh sin i gcomhpháirt nó go leithleach le héilitheoirí, tar éis toradh neamhrathúil sna himeachtaí. Sa chás sin, féadfaidh cúirteanna nó údaráis riaracháin a chur de cheangal ar chisteoirí dlíthíochta aon chostais dhíobhálacha iomchuí a íoc, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) luach agus cion aon dámhachtana a gheobhadh an cisteoir dlíthíochta dá mbeadh rath ar an éileamh;

(b) a mhéid a thitfeadh aon chostais, nach n-íocann cisteoir dlíthíochta, ina ionad sin ar chosantóir, ar an éilitheoir, nó ar aon tairbhithe beartaithe eile;

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

(c) iompar an chisteora dlíthíochta i rith na n-imeachtaí agus, go háirithe, a chomhlíonadh leis an Treoir seo agus cibé ar rannchuidigh a iompar le costas foriomlán na n-imeachtaí; agus

(d) luach infheistíocht tosaigh an chisteora dlíthíochta.

Caibidil VI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 19

Smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit [faoi …/gan mhoill], fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó [, gan mhoill,] faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Féadfaidh údaráis mhaoirseachta, go háirithe, fíneálacha comhréireacha a fhorchur, arna ríomh ar bhonn láimhdeachas gnóthais, an t-údarú chun oibriú a tharraingt siar go sealadach nó ar feadh tréimhse éiginnte, agus féadfaidh siad smachtbhannaí riaracháin iomchuí eile a fhorchur.

Airteagal 20

Athbhreithniú

1. Tráth nach déanaí ná…[(…) bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le treoirlínte ón gCoimisiún maidir le reachtóireacht níos fearr. Sa tuarascáil, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, measúnú ar éifeachtacht na Treorach, ag féachaint go háirithe do leibhéal na dtáillí nó an úis arna asbhaint ó dhámhachtainí na n-éilitheoirí, lena n-áirítear ó thairbhithe beartaithe, chun tairbhe cisteoirí dlíthíochta, an tionchar atá ag cisteoirí dlíthíochta ar leibhéal na gníomhaíochta réitigh díospóidí agus a mhéid a cheadaigh cistiú dlíthíochta tríú páirtí rochtain níos fearr ar an gceartas.

2. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún, den chéad uair faoi .[…(.) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus go bliantúil ina dhiaidh sin, an fhaisnéis seo a leanas atá riachtanach chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú:

(a) céannacht, líon agus cineál na n-eintiteas atá aitheanta mar chisteoirí dlíthíochta údaraithe;

(b) aon athruithe ar an liosta sin agus na cúiseanna atá leis;

(c) líon agus cineál na n-imeachtaí arna gcistiú go hiomlán nó go páirteach ag cisteoir dlíthíochta;

(d) torthaí na n-imeachtaí sin ó thaobh na méideanna arna ngnóthú ag cisteoirí dlíthíochta i gcomparáid leis na dámhachtainí a thugtar d'éilitheoirí agus do thairbhithe beartaithe.

Airteagal 21

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin … [lá/mí/bliain]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón… [lá/mí/bliain].

Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

Nuair a ghlacfaidh Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairt den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 23

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.